RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2007 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Samhain 2021

lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(2), Airteagal 32(2), Airteagal 37a(2) agus Airteagal 37b(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leasaíodh Teideal XII, Caibidil 1, de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ([2]), lena bhforáiltear maidir le scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga le Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle ([3]).

(2) Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 freisin le Treoir (AE) 2020/285, Rialachán lena leagtar síos rialacha maidir leis an gcomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha (CBL). Airteagal 17(1), pointe (g), Airteagal 21(2b), Airteagal 32(1), Airteagal 37a agus Airteagal 37b den Rialachán sin, baineann siad go sonrach le stóráil, le ceadú uathoibrithe agus le tarchur na faisnéise a bhaineann leis an scéim speisialta sin. Na bearta is gá chun na leasuithe sin a chomhlíonadh, tá siad le feidhm a bheith acu ón 1 Eanáir 2025.

(3) Chun an ceadú uathoibrithe a éascú, is gá sonraí praiticiúla agus sonraíochtaí a shainiú maidir leis an rochtain atá le tabhairt ag Ballstát d'údarás inniúil aon Bhallstáit eile ar fhaisnéis, amhail sonraí aitheantais agus luach soláthairtí earraí agus seirbhísí a dhéanann an duine inchánach a bhaineann leas as an scéim speisialta arna cur i bhfeidhm ag an mBallstát ina ndéantar an soláthar.

(4) Chun a áirithiú go malartaítear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 37a(1) agus Airteagal 37b(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ar bhealach aonfhoirmeach, tá an Coimisiún le socruithe praiticiúla a ghlacadh le haghaidh malartú den sórt sin, lena n-áirítear teachtaireacht leictreonach choiteann. Mar thoradh air sin, d'fhéadfaí forbairt aonfhoirmeach a dhéanamh ar shonraíochtaí teicniúla agus feidhmiúla freisin, mar go leanfaidís creat rialáilte.

(5) Leis na socruithe praiticiúla sin, ba cheart tarchur agus próiseáil éifeachtach na faisnéise a bhaineann le clárú fiontar beag a áirithiú go háirithe, clárú is gá chun gur féidir leo leas a bhaint as an scéim speisialta lasmuigh dá mBallstát bunaíochta, toisc go mbeadh ar na Ballstáit modhnú a dhéanamh ar a gcomhéadan leictreonach a dearadh don scéim nach gceadaítear léi ach díolúine a dheonú d'fhiontair a bunaíodh sa Bhallstát ina bhfuil CBL dlite, ionas gur féidir an fhaisnéis sin a mhalartú ar bhealach aonfhoirmeach.

(6) Faisnéis a bhaineann le hathruithe ar shonraí aitheantais, amhail eisiamh ón scéim speisialta, ba cheart í a mhalartú ar bhealach aonfhoirmeach chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta ar a gcríoch agus calaois a chomhrac. Chuige sin, ba cheart socruithe coiteanna a sholáthar maidir le malartú na faisnéise sin go leictreonach.

(7) Chun an t-ualach riaracháin ar dhaoine inchánacha a íoslaghdú, agus faireachán á dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta, is gá íoscheanglais áirithe a bhunú maidir leis an gcomhéadan leictreonach i gcás réamhfhógraí arna gcur isteach ag daoine inchánacha. Níor cheart, áfach, cosc a chur ar na Ballstáit feidhmiúlachtaí breise a sholáthar chun ualaí riaracháin a laghdú a thuilleadh.

([1]) IO L 268, 12.10.2010, lch. 1.

([2]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

([3]) Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis an gcomhar riaracháin agus leis an malartú faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta le haghaidh fiontair bheaga (IO L 62, 2.3.2020, lch. 13).

(8) Ba cheart socruithe praiticiúla a chinneadh freisin chun éascú a dhéanamh ar shonraí a sholáthar maidir leis na bearta a d'fhormheas gach Ballstát agus Airteagal 167a, Teideal XI, Caibidil 3, agus Teideal XII, Caibidil 1, de Threoir 2006/112/CE á dtrasuí.

(9) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón lá a mbeidh feidhm ag Airteagal 17(1), pointe (g), Airteagal 21(2b), Airteagal 32(1), Airteagal 37a agus Airteagal 37b de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Chomhar Riaracháin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "scéim speisialta" an scéim speisialta díolúintí le haghaidh fiontair bheaga dá bhforáiltear i dTeideal XII, Caibidil 1, Roinn 2, de Threoir 2006/112/CE;

(2) ciallaíonn "Ballstát díolúine" an Ballstát a dheonaíonn an díolúine ó CBL do sholáthar earraí agus seirbhísí laistigh dá chríoch arna dhéanamh ag daoine inchánacha atá incháilithe do dhíolúine faoin scéim speisialta;

(3) ciallaíonn "Ballstát bunaíochta" an Ballstát ina bhfuil an duine inchánach atá ag baint leas as an scéim speisialta bunaithe.

Airteagal 2

Feidhmiúlachtaí comhéadan leictreonach

Leis an gcomhéadan leictreonach sa Bhallstát bunaíochta, d'fhéadfaí a cheangal ar dhuine inchánach, de bhun Airteagal 284c(2) de Threoir 2006/112/CE, réamhfhógra a chur isteach, aon nuashonrú ar an réamhfhógra sin a chur isteach nó luach soláthairtí a thuairisciú chun an scéim speisialta a úsáid i mBallstát eile, agus leis an gcomhéadan sin tairgfear an tsaoráid chun an fhaisnéis agus aon athrú ar an bhfaisnéis sin a shábháil, ar faisnéis í atá le soláthar de bhun Airteagal 284(3) agus (4), Airteagal 284a agus Airteagal 284b de Threoir 2006/112/CE.

Airteagal 3

Malartú uathoibrithe faisnéise

De bhun Airteagal 21(2b) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, deonóidh an Ballstát bunaíochta rochtain uathoibrithe d'údarás inniúil Ballstát eile ar an bhfaisnéis seo a leanas a bhailítear agus a stóráiltear i gcomhréir le hAirteagal 17(1), pointe (g), den Rialachán sin, trí líonra CCN/CSI nó trí líonra nó córas slán coibhéiseach:

(a) an uimhir aonair lenar féidir duine inchánach a bhaineann leas as an díolúine in aon cheann de na Ballstáit eile sin a aithint de bhun Airteagal 284(3) de Threoir 2006/112/CE;

(b) ainm, gníomhaíocht agus earnáil ghnó más ábhartha de bhun Airteagal 284(1), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, foirm dhlíthiúil agus seoladh an duine inchánaigh sin;

(c) i gcás athrú ar an áit bhunaíochta, an dáta óna mbeidh feidhm ag an athrú sin agus, más féidir, an Ballstát ar chinn an duine inchánach é féin a bhunú ann;

(d) an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe ag an duine inchánach leas a bhaint as díolúine a mhéid a bhaineann le réamhfhógra nó le nuashonrú ar réamhfhógra, dá dtagraítear in Airteagal 284(3) nó (4) de Threoir 2006/112/CE;

(e) na Ballstáit ina mbaineann an duine inchánach leas as díolúine faoi Airteagal 284(2) de Threoir 2006/112/CE;

(f) dáta tosaithe na díolúine i ngach ceann de na Ballstáit ina mbaineann an duine inchánach leas as díolúine;

(g) luach iomlán na soláthairtí earraí agus/nó seirbhísí a rinneadh sa Bhallstát ina bhfuil an duine inchánach bunaithe agus i ngach ceann de na Ballstáit eile, luach a shonraítear de réir earnáil ghnó más ábhartha de bhun Airteagal 284c(1), pointe (c), de Threoir 2006/112/CE, le linn bhliain féilire an réamhfhógra nó le linn na mblianta féilire roimh an réamhfhógra, de bhun Airteagal 288a(1) de Threoir 2006/112/CE;

(h) luach iomlán na soláthairtí earraí agus/nó seirbhísí arna ndéanamh in aghaidh na ráithe féilire sa Bhallstát ina bhfuil an duine inchánach bunaithe agus i ngach ceann de na Ballstáit eile, lena n-áirítear aon leasú ar an luach sin, agus ar luach é a shonraítear de réir earnáil ghnó más ábhartha de bhun Airteagal 284c(1), pointe (c), de Threoir 2006/112/CE, nó "0" mura ndearnadh aon soláthar;

(i) an dáta a sháraigh an láimhdeachas bliantúil san Aontas an méid dá dtagraítear in Airteagal 284(2), pointe (a), de Threoir 2006/112/CE agus luach iomlán na soláthairtí a rinneadh sa Bhallstát ina bhfuil an duine inchánach bunaithe agus i ngach ceann de na Ballstáit eile, luach a shonraítear de réir earnáil ghnó más ábhartha de bhun Airteagal 284c(1), pointe (c), de Threoir 2006/112/CE, nó "0" mura ndearnadh aon soláthar ó thús na ráithe féilire go dtí an dáta a sáraíodh tairseach láimhdeachais bhliantúil san Aontas;

(j) an dáta nach bhfuil an duine inchánach incháilithe leis an díolúine a chur i bhfeidhm níos mó agus an Ballstát nó na Ballstáit ina mbeidh éifeacht ag an scor, tar éis réamhfhógra díolúine ón mBallstát, dá dtagraítear in Airteagal 284e, pointe (b), de Threoir 2006/112/CE;

(k) an dáta a bheidh éifeacht ag cinneadh an duine inchánaigh scor go deonach den scéim díolúine a chur i bhfeidhm agus an Ballstát nó na Ballstáit ina mbeidh éifeacht ag an scor sin;

(l) an dáta a scoireadh de ghníomhaíochtaí an duine inchánaigh agus na Ballstáit lena mbaineann.

Airteagal 4

Faisnéis a tharchur

1. Soláthróidh na Ballstáit, gan mhoill, na sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus na nuashonraithe a dhéantar orthu a mhéid a bhaineann leis na forálacha lena trasuitear Airteagal 167a, Teideal XI, Caibidil 3, agus Teideal XII, Caibidil 1, de Threoir 2006/112/CE, i gcomhréir le hAirteagal 32(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010. Cuirfear an fhaisnéis sin isteach tríd an tairseach ghréasáin arna bunú ag an gCoimisiún.

2. Tarchuirfidh an Ballstát bunaíochta an fhaisnéis seo a leanas trí líonra CNN/CSI nó trí líonra nó córas slán coibhéiseach, mar theachtaireacht leictreonach choiteann a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, chuig údaráis inniúla an Bhallstáit díolúine, laistigh de 15 lá oibre ón dáta a chuirtear an fhaisnéis ar fáil, de bhun Airteagal 37a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010:

(a) a mhéid a bhaineann le réamhfhógra nó le nuashonrú ar réamhfhógra, dá dtagraítear in Airteagal 284(3) nó (4) de Threoir 2006/112/CE, chun an Ballstát lena mbaineann a chur ar an eolas go bhfuil duine inchánach ag lorg díolúine:

  (i) uimhir aitheantais aonair an duine inchánaigh, uimhir a d'eisigh an Ballstát bunaíochta agus dá dtagraítear in Airteagal 21(2b), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, nó, mura bhfuil fáil uirthi go fóill;

  (ii) aon uimhir eile chun an duine inchánach a shainaithint;

(b) a mhéid a bhaineann leis an réamhfhógra nó leis an nuashonrú ar réamhfhógra dá dtagraítear in Airteagal 284(3) nó (4) de Threoir 2006/112/CE, tar éis an duine inchánach a chur ar an eolas faoina uimhir aitheantais aonair nó an uimhir a dheimhniú don duine inchánach dá dtagraítear in Airteagal 284(5) de Threoir 2006/112/CE:

  (i) an uimhir aitheantais aonair arna sannadh don duine inchánach sin dá dtagraítear in Airteagal 21(2b), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, agus

(ii) dáta tosaithe na díolúine dá dtagraítear in Airteagal 21(2b), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 i ndáil leis an duine inchánach sa Bhallstát lena mbaineann;

(c) a mhéid a bhaineann le haon duine inchánach ar sháraigh a láimhdeachas bliantúil san Aontas an méid dá dtagraítear in Airteagal 284(2), pointe (a), de Threoir 2006/112/CE:

(i) uimhir aitheantais aonair an duine inchánaigh sin, dá dtagraítear in Airteagal 21(2b), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, agus

(ii) an dáta a sháraigh láimhdeachas bliantúil san Aontas de chuid an duine inchánaigh sin an méid dá dtagraítear in Airteagal 284(2), pointe (a), de Threoir 2006/112/CE;

(d) a mhéid a bhaineann le duine inchánach nár chomhlíon na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 284b de Threoir 2006/112/CE:

(i) uimhir aitheantais aonair an duine inchánaigh sin dá dtagraítear in Airteagal 21(2b), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, agus

(ii) an fíoras nár comhlíonadh na hoibleagáidí sin.

3. Tarchuirfidh an Ballstát díolúine an fhaisnéis seo a leanas chuig údaráis inniúla an Bhallstáit bunaíochta trí líonra CCN/CSI nó trí líonra nó córas slán coibhéiseach, mar theachtaireacht leictreonach choiteann a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, de bhun Airteagal 37b(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010:

(a) laistigh de 15 lá oibre ó gheofar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2, pointe (a):

(i) uimhir aitheantais aonair an duine inchánaigh, uimhir a d'eisigh an Ballstát bunaíochta agus dá dtagraítear in Airteagal 21(2b), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 nó, mura bhfuil fáil uirthi go fóill, aon uimhir eile a fuarthas ón mBallstát bunaíochta chun críoch na haitheanta;

(ii) faisnéis faoi cibé a sháraítear an tairseach láimhdeachais bhliantúil is infheidhme sa Bhallstát sin le haghaidh na díolúine, dá dtagraítear in Airteagal 284(2), pointe (b), de Threoir 2006/112/CE, sa bhliain reatha nó nach sáraítear;

(iii) faisnéis faoi cibé a chomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 288a(1) de Threoir 2006/112/CE nó nach gcomhlíontar;

(iv) aon iarraidh ar shoiléiriú breise a theastaíonn i bhfianaise na faisnéise atá le soláthar faoi phointe (ii) agus pointe (iii);

(b) gan mhoill, uimhir aitheantais aonair an duine inchánaigh, dá dtagraítear in Airteagal 21(2b), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, agus an dáta a scoir sí de bheith incháilithe do dhíolúine de bhun Airteagal 288a(1) de Threoir 2006/112/CE;

(c) gan mhoill, an dáta a scoir an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga d'fheidhm a bheith aici sa Bhallstát sin.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Faisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit de bhun Airteagal 32(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010

1. Scéim speisialta le haghaidh cuntasaíochta bunaithe ar airgead tirim

Airteagal 167a de Threoir 2006/112/CE — scéim roghnach le haghaidh cuntasaíochta bunaithe ar airgead tirim

C1. An féidir le do Bhallstát roghnú a bheith rannpháirteach sa scéim speisialta le haghaidh cuntasaíochta bunaithe ar airgead tirim?

C2. Más féidir, cad í an tairseach atá i bhfeidhm? Tabhair le fios in EUR agus san airgeadra náisiúnta í.

2. Scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga

Teideal XII, Caibidil 1, Roinn 1, de Threoir 2006/112/CE

Airteagal 281 – Nósanna imeachta simplithe maidir le cáin a ghearradh agus a bhailiú

C3. An gcuireann tú aon nós imeachta simplithe i bhfeidhm maidir le fiontair bheaga, amhail scéimeanna ráta chomhréidh, chun CBL a ghearradh agus a bhailiú?

C4a. Má chuireann, cé na nósanna imeachta simplithe a chuireann tú i bhfeidhm maidir le fiontair bheaga?

Q4b. Cé na coinníollacha nó na teorainneacha faoina gcuireann tú na nósanna imeachta simplithe sin i bhfeidhm?

Teideal XII, Caibidil 1, Roinn 2, de Threoir 2006/112/CE

Airteagail 282-290 de Threoir 2006/112/CE— Díolúintí

C5. An gcuireann tú i bhfeidhm an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga a leagtar amach i dTeideal XII, Caibidil 1, Roinn 2, de Threoir 2006/112/CE?

C6a. Má chuireann, cén dáta óna gcuireann tú i bhfeidhm í?

C6b. Mura gcuireann, ach má chuir tú i bhfeidhm í san am a chuaigh thart, cén dáta a chuir tú i bhfeidhm í?

Airteagal 283(2) de Threoir 2006/112/CE— Díolúintí

C7. Cé na hidirbhearta a eisítear ón díolúine faoin scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga mar a chuireann do Bhallstát i bhfeidhm í?

Airteagal 284(1) de Threoir 2006/112/CE— Tairseach

C8. Cé na leibhéil tairseach láimhdeachais bhliantúil atá i bhfeidhm chun leas a bhaint as an díolúine (tairseacha díolúine) i do Bhallstát? Tabhair le fios in EUR agus san airgeadra náisiúnta í.

C9. Cén dáta óna bhfuil feidhm ag na leibhéil reatha tairseach díolúine?

C10. Má chuireann tú níos mó ná tairseach amháin i bhfeidhm, tabhair le fios na critéir chun cáiliú do na catagóirí soláthairtí faoi seach a bhfuil feidhm ag na tairseacha difriúla maidir leo agus tabhair le fios an dáta óna bhfuil feidhm ag na critéir sin

Airteagal 284(3) de Threoir 2006/112/CE — Uimhir aitheantais aonair

C11. Chun críoch na haitheanta dá dtagraítear in Airteagal 284(3), pointe (b), de Threoir 2006/112/CE, an úsáideann tú an uimhir aitheantais aonair CBL a leithdháileadh cheana ar an duine inchánach i ndáil le hoibleagáidí an duine inchánaigh sin faoin gcóras inmheánach nó an gcuireann struchtúr uimhir CBL nó struchtúr aon uimhreach eile i bhfeidhm?

Airteagal 284c(1) de Threoir 2006/112/CE— Airgeadra

C12. Chun críocha Airteagal 284c(1), an chéad fhomhír, pointe (b), de Threoir 2006/112/CE, an éilíonn tú go sloinnfear na luachanna san airgeadra náisiúnta?

Airteagal 284c(2) de Threoir 2006/112/CE— Faisnéis a chur isteach

C13. An éilíonn tú go gcuirfidh an duine inchánach an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 284(3) agus (4) agus in Airteagal 284b(1) agus (3) de Threoir 2006/112/CE isteach trí bhíthin modh leictreonach?

C14. Má éilíonn, cé na coinníollacha a bhfuil sé faoina réir?

Airteagal 284d(3) de Threoir 2006/112/CE— Mainneachtain comhlíonta

C.15. I gcás nach gcomhlíonann duine na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 284b de Threoir 2006/112/CE, an éilíonn tú go gcomhlíonfaidh an duine inchánach sin oibleagáidí CBL i ndáil le hidirbhearta díolmhaithe a dhéantar i do Bhallstát?

C.16. Má éilíonn, cé na hoibleagáidí atá i gceist?

Airteagal 288a(1) de Threoir 2006/112/CE— Idirthréimhse

C17. I do Bhallstát, an scoireann an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 284(1) de Threoir 2006/112/CE d'fheidhm a bheith aici tráth a sháraítear an tairseach a leagtar síos i gcomhréir leis an mír sin, de bhun Airteagal 288a(1), an ceathrú fomhír?

C18. Mura scoireann agus má cheadaítear don duine inchánach leanúint de leas a bhaint as an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 284(1) de Threoir 2006/112/CE le linn na bliana féilire tar éis an tairseach a shárú, an gcuireann tú uasteorainn i bhfeidhm?

C19. Má chuireann, an gcuireann tú uasteorainn 10 % nó 25 % i bhfeidhm?

C20. Cé mhéad bliain a eisiatar an duine inchánach ón scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga tar éis dó an tairseach díolúine a shárú?

Airteagal 290 de Threoir 2006/112/CE — Rogha le haghaidh daoine inchánacha atá i dteideal díolúine

C21. An bhfuil aon riail mhionsonraithe nó coinníollacha i bhfeidhm maidir leis an rogha dá bhforáiltear in Airteagal 290 de Threoir 2006/112/CE a chur i bhfeidhm?

C22. Má tá, cé na rialacha agus na coinníollacha a chuireann tú i bhfeidhm?

Teideal XII, Caibidil 1, Roinn 2a, de Threoir 2006/112/CE

Airteagail 292a-292d de Threoir 2006/112/CE – Oibleagáidí fiontar beag díolmhaithe a shimpliú

C23. Maidir le fiontair bheaga atá bunaithe ar chríoch do Bhallstáit agus nach mbaineann leas as an díolúine ach i do Bhallstát, an scaoileann tú ó aon oibleagáid iad?

C24. Má scaoileann, cé na hoibleagáidí atá i gceist?

C25. An scaoileann tú fiontair bheaga dhíolmhaithe ó aon cheann de na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagail 217 go 271 de Threoir 2006/112/CE, de bhun Airteagal 292d de Threoir 2006/112/CE?

C26. Má scaoileann, cé na hoibleagáidí atá i gceist?

IARSCRÍBHINN II

Faisnéis atá le tarchur ag an mBallstát bunaíochta chuig na Ballstáit a dheonaíonn an díolúine de bhun Airteagal 37a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010

le tarchur trí bhíthin modh leictreonach laistigh de 15 lá oibre ón dáta atá an fhaisnéis ar fáil

1. A mhéid a bhaineann le réamhfhógra nó le nuashonrú ar réamhfhógra dá dtagraítear in Airteagal 284(3) nó (4) de Threoir 2006/112/CE:

   a. Chun an Ballstát lena mbaineann a chur ar an eolas faoi go bhfuil sé beartaithe ag daoine inchánacha leas a bhaint as an díolúine sa Bhallstát sin:

i. Uimhir aitheantais aonair an duine inchánaigh, uimhir a d'eisigh an Ballstát bunaíochta agus dá dtagraítear in Airteagal 21(2b), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 nó, mura bhfuil fáil uirthi go fóill, aon uimhir eile chun críoch na haitheanta.		

   b. Tar éis deimhniú a fháil ón mBallstát díolúine go bhfuil na daoine inchánacha incháilithe do dhíolúine agus tar éis fógra a thabhairt do na daoine inchánacha:

i. Uimhir aitheantais aonair an duine inchánaigh atá ag baint leas as an díolúine, uimhir a d'eisigh an Ballstát bunaíochta agus dá dtagraítear in Airteagal 21(2b), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010		
ii. Ballstáit ina mbaineann an duine inchánach leas as an díolúine agus léiriú ar dháta tosaithe na díolúine i ngach ceann de na Ballstáit lena mbaineann:		In-athdhéanta
ii.1. Ballstát		
ii.2. Dáta tosaithe na díolúine		

2. A mhéid a bhaineann le daoine inchánacha a sháraíonn a láimhdeachas bliantúil san Aontas EUR 100 000 dá dtagraítear in Airteagal 284(2), pointe (a), de Threoir 2006/112/CE:

a. Uimhir aitheantais aonair an duine inchánaigh, uimhir a d'eisigh an Ballstát bunaíochta agus dá dtagraítear in Airteagal 21(2b), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010	
b. Dáta a sháraigh láimhdeachas bliantúil san Aontas de chuid an duine inchánaigh EUR 100 000	

3. A mhéid a bhaineann le daoine inchánacha nár chomhlíon na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 284b de Threoir 2006/112/CE:

a. Uimhir aitheantais aonair an duine inchánaigh lena mbaineann, uimhir a d'eisigh an Ballstát bunaíochta agus dá dtagraítear in Airteagal 21(2b), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010	
b. An fíoras nár comhlíonadh na hoibleagáidí tuairiscithe	

IARSCRÍBHINN III

Faisnéis atá le tarchur ag na Ballstáit a dheonaíonn an díolúine chuig an mBallstát bunaíochta de bhun Airteagal 37b(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010

le tarchur trí bhíthin modh leictreonach laistigh de 15 lá oibre tar éis an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, pointe 1(a), a fháil

1. A mhéid a bhaineann le réamhfhógra nó le nuashonrú ar réamhfhógra dá dtagraítear in Airteagal 284(3) nó (4) de Threoir 2006/112/CE, chun an Ballstát bunaíochta a chur ar an eolas faoi incháilitheacht duine inchánaigh do dhíolúine sa Bhallstát sin:

a. Uimhir aitheantais aonair an duine inchánaigh, uimhir a d'eisigh an Ballstát bunaíochta agus dá dtagraítear in Airteagal 21(2b), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 nó, mura bhfuil fáil uirthi go fóill, aon uimhir eile a fuarthas ón mBallstát bunaíochta chun an duine inchánach sin a shainaithint.	
b. Cé acu a sáraíodh an tairseach láimhdeachais bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 284(2), pointe (b), de Threoir 2006/112/CE le linn na bliana féilire reatha nó nár sáraíodh	
c. Cé acu a chomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 288a(1) de Threoir 2006/112/CE nó nach gcomhlíontar	
d. Iarraidh ar shoiléiriú breise a theastaíonn i bhfianaise na faisnéise atá le soláthar faoi phointe (b) agus pointe (c).	Faisnéis roghnach

le tarchur trí bhíthin modh leictreonach gan mhoill

2. A mhéid a bhaineann le daoine inchánacha a scoir de bheith incháilithe do dhíolúine:

a. Uimhir aitheantais aonair an duine inchánaigh, uimhir a d'eisigh an Ballstát bunaíochta agus dá dtagraítear in Airteagal 21(2b), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010	
b. An dáta a scoir an duine inchánach de bheith incháilithe do dhíolúine faoi Airteagal 288a(1) de Threoir 2006/112/CE	

3. A mhéid a bhaineann le scor den scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga a chur i bhfeidhm sa Bhallstát a dheonaíonn an díolúine, dá dtagraítear in Airteagal 284e(b) de Threoir 2006/112/CE:

a. An dáta a scoir an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga d'fheidhm a bheith aici sa Bhallstát sin	